Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**14333/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0239(NLE)**

**ACP 107**
**FIN 881**
**PTOM 17**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14155/24 + ADD 1 - COM(2024) 434 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2024<br>- Glacadh |

1. An 3 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2024[1].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an Afraic, um Muir Chairib agus um an Aigéan Ciúin (Meitheal ACC) an togra ón gCoimisiún agus tháinig sí ar chomhaontú ar leibhéal na Meithle maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, mar mhír ‘A’ ar an gclár oibre:

   – an cinneadh a ghlacadh, mar a leagtar amach in 14164/24 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Chomhaontú Inmheánach is infheidhme maidir leis an 11ú CEF[2];

   – a iarraidh go bhfoilseofar an cinneadh san Iris Oifigiúil.

---

[1] 14155/24 + ADD 1.
[2] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.